Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2017**
**(OR. fr)**

**10943/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0279 (COD)**

**CODEC 1202**
**PI 92**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an malartú trasteorann idir an tAontas agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle ar an 16 Meán Fómhair 2016[1]. Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh is bunús dlí leis an Rialacháin atá a bheartú.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 5 Iúil 2017[2].

3. Ar an 6 Iúil 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh, ar an gcéad léamh, maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[3] leis.

[1] 12264/16.
[2] gan foilsiú fós.
[3] 10893/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin. Iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar sin amach in PE-CONS 24/17, a chur – mar phointe "A" – ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.